

SGÉAL

Gan focal faoin mbuntáiste a bhí don lucht maoine ná faoin gcaol chuid a bhí don fhear oibre.

Tháinig an sgoilidheacht a mhúin don aos óg nach raibh saoghal i ndán dóibh mara dtugaidís cúl dá ndúthchas féin féin agus a múin teanga nua dóibh sa gcaoi go mbeidís i ndon an fear thall a thuisgint. Tháinig fuadar mór faoi mhuinntir an domhain uile. Ná páipéir ag cainnt ar rath an tsaoghail ar an sochar agus ar an luach saothair a bhí le fagháil i tíre thar lear. Tháinig corrhail ins na daoine tuaithe agus mí-shuaimhneas agus bhíodar chomh spreacmhail ina n-inntinn nár mhiste leo aghaidh a thabhairt ar na tíortha i n-imigcéan. Bhí an oiread aca ag imtheacht as gach áit i nÉirinn go sílfeá nach bhfanfadh na seandaoine féin. An chorrghail mhór sin a tháinig ar mhuinntir na hÉireann tar éis blian an ghorta chreach sí an sean-tsaoghal agus d'fhág a rian ar an tuaith ó shoin. An fuadar mór a bhí faoi daoine i Sasana agus Meireacá mheall sé ár mhuinntir féin d'fhág sé mí-shuaimhneach mí-shásta iad agus d'fhág sé gan treoir iad. Bhí an Béarla, na nuachtáin Bhéarla, na comhairleoirí Béarla gá gcur amú. Bhí an Béarla mar a bheadh nimh san bhfuil a chuirfeadh mí-shuaimhneas ar dhuine agus nach mbeadh suaimhneas indán dó nó go nglantaoi an nimh as an bhfuil. Níor fhéad na Béarlóirí nua a bheath suaimhneach ina dtír féin ná muinghineach as a dtír, nó go bhfuadar ciall cheannuighthe.

An chuid den tír a d'fhan Gaelach d'fhan an sean-tsaoghal beo ann ach corruigheadh go mór é, ní nach iongadh. Níor fheil an talamh don gléasra nua. Tá an laidhe an sleaghán an corrán agus an speal agus chomh riachtanach fós ann is bhíodar ar fud Éireann céad bliain ó shoin. Níor fheil an talamh cladaigh do na tréada móra caorach ná dó na tainnte bó agus fágadh an talamh ag na daoine. An fuadar mór a tháinig faoi muinntir an domhain, bhí sé rófhada ó Chonamara agus an chorrghail a tháinig ar mhuinntir na gcúigí níor tháinig sé ar mhuinntir Chonamara morán.

D'fhanadar suaimhneach ina nduthaigh féin gan aon mhór- fhuadar fútha agus marach gur fhan is beag Gaeltacht a bheadh againn indiu. An t-athrú mór a tháinig sa saoghal i n'éineacht leis an ngléassa nua, chuir sé athrú ar an sean-sgéalaidheacht agus ar an léitheoireacht agus ar an gceol agus ar siamsaí. Níor oibrigh an t-athrú mór sin ar Ghaeltacht Conamara ach an oiread leis an ngléassa.

Tá an láidhe an speal agus an sleaghán agus an bád beag iomartha fós againn agus tá an seanchas cois teineadh agus an sgéalaidheacht agus an seancheol mar bhí ann dá chéad bliain ó shoin agus b'fhéidir míle bliain ó shoin agus tá an suaimhneas agus an tsástacht ann. Tá an Chríostaidheacht chomh brioghmhar is atá sí in aon áit ach is rud í an chríostaidheacht nach dtig aon athrú uirthé má leantar dí.

Feileann sí dúinn eolas a chur ar an nGaeltacht agus ar gach a mbaineann léithe, ó tharla an rún againn an tír uile a ath-ghaelú. Dhéanfadh an Ghaeltacht eolas dúinn i gcúrsaí na gaeilge

agus i gcúrsaí nach í. Ní bhíonn aon fhear sásta sa saoghal atá anois suas go dtuigtear dó go bhfuil saoghal níos fearr roimhe, mara dtuigtear dhó go mbeidh méadú ar a shochair i naghaidh na bliana agus téagar indán do féin agus dá mhuinntir. Chuige sin bíonn baint aige le cumainn conganta, le cumann lucht oibre, le cumann poilitidheacht, le cumann urradhais le cumann cosanta le cumann tionsgail, le cumann ceannaidheachta.

Is beag duine suas faoi láthair gan baint aige le cumann eicint le ceart nó sochar a bhaint amach nó leis féin a chaomhúint. Is garr go mbeidh an sgéal céadhna le rádh faoin nGaeltacht ach ní hamhlaidh a bhí an sgéal san am atá caidhte. Bhí furmhór mór na daoine an-bhocht, ina n-iasgairí, ina sglábhaidhthe, ina maoraibh, ina bhfeilmearaibh beaga, bhí aon bhuadh saoghalta amháin go binn aca. Bhíodar indon baint amach as beagán agus bheith suaimhneach ar an mbeagán, deirim gur buadh é sin. Chaith Naomh Proinsias a shaoghal ag iarraidh an buadh sin a mhúineadh dá lucht leanamhna ag iarraidh an tsainnt agus an amplacht a mhaolú ionnta. Ní mórán a chuala muinntir na Gaeltacht ariamh faoi Naomh Proinsias ach bhí an chuid is mó aca do réir a chroidhe féin agus do réir a theagasga. Bhíodar dá réir sin, níl mé a rádh go mbéidh mar tá mí-shuaimhneas a borradh sa nGaeltacht. Is le goirid a thosuigh an borradh sin. Tá an seantsaoghal glanta ad an gcuid is mó den tír agus gan aon mheas air. Má sábháiltear an Ghaeltacht féin is deacair a rádh nach sguabfar an sean-tsaoghal as an nGaeltacht freisin. Saoghal tuaithe a bhí faoin nGaeltacht. Ní raibh aon tsaidhbhreas ann ag an sluaigh agus mar dubhairt mé bhídís suaimhneach an fhad is bheadh an beagán aca.

Is beag is eol dúinn a chruaidhe is a ghainne is bhí an saoghal aca. Chualamar nó léigheamar faoi na blianta a raibh gorta coitcheannta ina measg agus b'amlaidh a bhí go minic, ach ní bhíodh fear is barr aca aon uair. Bhíodh a ndóthain aca ach níor thóg sé mórán le n-a siar. Má chuimhnighéann sinn gur le goirid a tógadh na teampull chun Aifrinne agus mórán areann thuigimid nach mórán a bhí le cois ag na daoine nó ní bhféidir gan teampuill chun Aifreann an Dómhnaigh.

Ní raibh teampull i lorrus Aithneach go dtí 1845. Tá daoine beo fós a chonnaic an t-Aifreann dá léigheamh i dteach beag comhnaidhe i gCorr na Móna agus an lucht éisteachta ar an tsráid ar aghaidh an doruis. Níl aon rud is mó a chuirfeas a mbochtanas i gcuimhne dúinn ná cuimhneadh ar an mbiadh a bhíodh aca .

MI Ó Neachtain

Bartla Guairm agus a theach

Micilín – eorna –bró loisgne – iasgáin.

Daingean – fataí 3 huairé, uibheacha, bainne.

Domhnach na bputóg.

Máire Ní Chéide –an plúr

Ní raibh dream ar bith níos boichte ná iad de réir bídh.

Bhíodh na héadaigh maith go leor aca ach ní bhíodh chuile dhuine indon an figheadóir íoc agus nuair a d'árdaigh figheadóir agus gréasaidhe a luach cuireadh cumann ar bun le crith a chur ionnta. Bhí dream oidhche ann a thugadh an figheadóir amach meadhon oidhche le léasadh a thabhairt dó muna n-ísligheadh sé an luach arís.

Shníomh na mná an olann. Ná mná bochta ar an gcladach dhíolaidís creathnach agus iasc ar olann le adhbhar éadaigh a fhágháil.

Ach bhí an olann gann ag go leor agus is iomdha fear maith a mbéigin dó an treabhsar de'n flainín bán a chaitheamh agus nach raibh indon an glas caorach féin a chaitheamh.

Bratanna bána a bhíodh ar na mná Dia Domhnaigh ní bhíodh seál siopa aca. An biadh is gairbhe a bhí aca bhí sé folláin.

Na héadaigh dá ndéantús féin a bhí ag go leor aca, agus marach go raibh na mná indon sníomh agus dathú ní bheadh éadaigh ar bith aca mar bhí eadaigh siopa ró-dhaor.

Ní raibh teampull don sagart i mórán aiteanna go ceann cead bliain tar éis Seán na Sagairt a bheith sínte agus is minic nach raibh talamh saor ag Caitilicigh san bpobal, agus nach dtiubhradh an tighearna talamhan áit le haghaidh teampull.

Bhíodar an-bhocht go deo agus má bhí fhéin bhíodar suaimhneach, agus bhí saidhbhreas aca ach chaith an chuid eile den tír uatha. Bhí an sean-cheol agus na hamhranacha bhí na dánta agus na duanta den tsean-litridheacht aca. Bhí seanchus agus sgéalta agus an aimsire aca. Bhí litridheacht diadhanta aca nár sárúigheadh i n-aon tír. Bhí grádh aca do chomhluadar agus do chomhrádh agus do sheanmóireacht agus do sgéalaidheacht agus do cheolta agus do na hamhráin agus na dánta. Thaithnigh cumas cainnte leo, gantacht agus éifeacht agus binneas agus chothuigh an litridheacht bhéil a bhí aca na trí bhuadh sin. Bhí a gcomhrádh coiteanta lá de shean-fhocla agus de luadh-ráidhte-béile a dhéanfadh Goll nó Conán – oineach Uí Bhriain agus a dhá shúil ina dhiaidh. Ní mór dúinn cuimhriú a bheith againn i gcomhnaidhe ar a mbochtanas nó ní thuigfimid a saidhbhre is bhíodar san litridheacht agus sa gcreideamh. Ins na tíortha nár creachadh go bun, mar creachadh Éire go minic, ní raibh an fíor- bhochtanas coitcheannta. Bhí sgoltacha agus bhí leabhra, bhí clár agus teampull agus bhí riaghaltas dílis os cionn na ndaoine. Bhí an léigheann agus nárdréim ach má bhí féin níor leathnuigh sé imeasc an phobail. Ní raibh aon árd-réim don léigheann san nGaeltacht. Ní raibh sgoltacha dí na leabhra ar feadh 200 bliain ní raibh teampull don sagart ach é ina haistealaidhe ó baile go baile agus ó theach go teach ach bhí an léigheann coitcheanta. Bhí an litridheacht i mbéal gach aoinne agus bhí eolas thar cionn ar an gcreideamh agus ar an duanaireacht a bhain leis an gcreideamh.

Na leabhra a bhí aca na leabhra a tháinig ón gCreig agus ón Móinteach. An máighistir sgoile a bhíodh a sgríobh dánta do dhaoine ar beagán sgilleacha.

Siamsaí an gheimhridh

an chóip a siubhail na bailtí ó Iorras Beag go Litir Ard thar cuan.

An saoghal dócamhail a bhí ag na daoine ar an bhfarraige agus ar chladach agus ar shliabh d'fhág sé sgolbánta laidir iad agus spreac sí a inntinn chun bheith a cur síos ar a n-eachtraí a chonnaiceadar, na halltracha agus na heanlaith na tonntracha agus na héisg agus ar an gcainnt agus an fíor-chainnt agus an comhrádh tháinig cumas cainnte sa gcaoi go bhfuil fear aca indon cunntas glan soiléir a thabhairt chomh maith le nuachtóir dá fheabhas.